

# CAD É PRÓISEAS CHUID 8?

Tá roinnt céimeanna ag teastáil le haghaidh phróiseas Chuid 8 agus go leor bealaí inar féidir le scoil gníomhú chun tacaíocht a fháil do na moltaí.

Ní mór don údarás áitiúil fógra faoin bhforbairt a fhógairt i nuachtán faofa.



**CÉIM 1**

Fógra

Bíonn tréimhse comhairliúcháin **dhá sheachtain** ar a laghad ann i ndiaidh Chéim 1 & 2 inar féidir leis an bpobal tuairimí a chur in iúl agus agóidí a dhéanamh i gcoinne an phlean.

**CÉIM 2**

Fógra Láithreáin

Ní mór don údarás áitiúil fógra láithreáin a chur suas ar an talamh ina mbeidh an tógáil bheartaithe ar siúl ar feadh tréimhse **ceithre seachtaine** ar a laghad.

**CÉIM 3**

Tréimhse Comhairliúcháin

Cuirtear tuarascáil ó Phríomhfheidhmeannach na nÚdarás Áitiúil faoi bhráid Chomhaltaí na Comhairle laistigh **d'ocht seachtaine** tar éis na tréimhse comhairliúcháin. Ní mór liosta a bheith sa tuarascáil seo de dhaoine nó de chomhlachtaí a rinne aighneachtaí, chomh maith le hachoirme ar na saincheisteanna a cuireadh in iúl agus freagra an Phríomhfheidhmeannaigh maidir le cé acu ar cheart nó nár cheart dul ar aghaidh leis an bhforbairt atá beartaithe.

**CÉIM 4**

Tuarascáil an CEO

Is féidir le comhairleoirí vótáil chun glacadh le tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh nó diúltú di nó chun athruithe a dhéanamh ar an bplean.

**CÉIM 5**

Vóta na gComhairleoirí

Ní mór do chomhaltaí tofa an cinneadh deiridh a dhéanamh faoin bplean **laistigh de shé seachtaine** ó thuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh a bheith curtha i láthair dóibh.

**CÉIM 6**

Cinneadh Deiridh ar Thuarascáil an CEO

Is féidir achomharc a dhéanamh ar an gcinneadh deiridh chuig an mBord Pleanála **laistigh de 4 seachtaine** ó dháta an chinnidh.

**CÉIM 7**

Achomhairc

Tá sé mar aidhm ag an mBord Pleanála cinntí a dhéanamh **laistigh de 18 seachtaine**. Is féidir leo cead pleanála a dheonú, cead pleanála a dhiúltú nó cead pleanála a dheonú le coinníollacha, nó coinníollacha leasaithe.

**CÉIM 8**

Cead Pleanála



SLITE SÁBHÁILTE  
CHUN NA SCOILE